

Ábhar

Foghlaimoirí ag dul chun na Gaeltachta

Mír Físe

Speaking Irish

Aonad 13, Agallamh 3

01:12:01

Aoife Ní Chonchúir

(Le caoinhead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Foghlaimoirí ag dul chun na Gaeltachta

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír ina bhfuil Aoife Ní Chonchúir ó Chorca Dhuibhne ag caint faoi fhoghlaimoirí a théann chun na Gaeltachta. Sula bhféachann tú ar an mír, déan an réamhobair seo thíos:

Tasc

Bí ag obair le do ghrúpa. Scríobhaigí deich bhfocal a smaoiníonn sibh orthu nuair a chloiseann sibh an focal ‘Gaeltacht’. Cuirigí na focail a scríobh sibh i gcomparáid leis na focail a scríobh grúpa eile.

Plé

Cén íomhá, dar libh, a bhíonn ag daoine den Ghaeltacht? Smaoinigh ar na dreamanna éagsúla sa liosta thíos agus sibh ag plé na ceiste.

daoine sa bhreac-Ghaeltacht
foghlaimoirí Gaeilge thar lear (i.e. Meiriceá)
déagóirí a théann ar chúrsaí Gaeltachta

daoine sna cathracha
daltaí Ardeistiméireachta
eagraíochtaí Gaeilge sna
cathracha

An raibh tú féin riamh sa Ghaeltacht? Cén saghas taithí a bhí agat ann? Cad iad na buntáistí a bhainfeadh le tréimhse sa Ghaeltacht duitse?

Éisteacht agus Feasacht Teanga

1. Anois féach ar an mír agus freagair an cheist seo:

Cén pointe atá á dhéanamh ag Aoife sa phíosa cainte seo? Déan achoimre gearr (gan dul thar 3 abairt) ar an méid atá le rá aici.

2. ‘ana-bheo’, ‘ana-thábhachtach’, ‘ana-nádúrtha’

Baineann Aoife úsáid as ‘ana-’ ach feictear ‘an-’ sa scríobh. An féidir leat míniú a thabhairt air seo? Cad é an patrún a bhaineann leis an ggné seo den teanga? Cad é an téarma ceart gramadaí?

Nuair atá tú sásta go dtuigeann tú an patrún, cuir ‘an-’ roimh na focail seo a leanas. Bí cúramach, mar seo gné den teanga a ndéanann mic léinn earráidí inti go minic.

deas, sásta, maith, deacair, socair, tuirseach, fuar, fliuch, casta.

3. Féach ar na frásaí seo as an mír agus na frásaí eile atá cosúil leo – cuir in abairtí iad a léireodh a mbrí:

ar leith trí mheán
go leith ar an meán

4. Féach ar an abairt seo as an mír agus pléigh an ghramadach atá inti. Ansin líon na bearnaí.

níl inti ach teanga

níl _____ ach tír
níl _____ ach mic léinn
níl _____ ach scrúdú
níl _____ ach leanaí
níl _____ ach botún

Iarobair

Plé

1. ‘níl inti ach teanga ag deireadh an lae’.
Cad atá i gceist ag Aoife leis an ráiteas seo, dar leat?
2. ‘daoine ag labhairt na teanga gan a bheith, saghas, ag smaoineamh air’.
Cad atá i gceist ag Aoife le bheith ‘ag smaoineamh air’?
3. ‘Táim á dhéanamh seo ar mhaithe le cultúr nó ar mhaithe leis an dtír nó ar mhaithe le haon rud eile’.

An mbíonn an dearcadh sin ag daoine, dar leat – go labhraíonn daoine Gaeilge ar mhaith le cúis éigin oideachais, cultúrtha nó polaitíochta?

Féach ar na ráitis seo thíos as liosta a chuir duine a tógadh i gceantar Gaeltachta le chéile de na rudaí aisteacha a dúirt daoine léi faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht i rith a saoil.

Cén chúis atá leis an míthuiscint i gcás gach ráitis, dar leat: míthuiscint faoi (i) oideachas; (ii) cultúr; (iii) polaitíocht; (iv) eile?

- ‘Oh you speak Irish! But I didn’t know you were a teacher.’
- ‘It’s great you speak Irish to her (iníon) – it’ll give her a great head start in school.’
- ‘I know you speak Irish but I’d say you’d be reasonable about it – you wouldn’t be one of those fanatics.’
- ‘Aren’t you great for speaking Irish? More people should do it.’
- ‘People who look for service through Irish are just being rude – can’t they just speak English?’
- ‘You must love trad (music)’.

4. Seo cúpla pointe eile as an liosta céanna ach baineann siad seo leis an nGaeltacht mar áit. I ngach cás, abair cad é an cineál dearcadh atá á léiriú ag an duine agus cad is cúis leis an gceist:
- ‘Do you speak Irish here (Gaeltacht) all of the time, even in the winter?’
 - ‘But I thought the Gaeltacht was a school in Connemara!’
 - ‘But I heard people in the Gaeltacht speaking English when I was there.’
 - ‘I heard you all get free windows down there in the Gaeltacht for speaking Irish!’

Tascanna

1. Scríobh freagra ar cheann éigin de na ráitis a phléigh tú níos luaithe.
2. Tá tú ag obair don eagraíocht *Gaelsaoire*. Scríobh téacs a bheadh oiriúnach do bhróisiúr na heagraíochta a bhfuil sé mar aidhm aige daoine a mhealladh chun na Gaeltachta (www.gaelsaoire.ie).
3. Féach ar an suíomh gréasáin www.gaelsaoire.ie agus scríobh léirmheas air.

Téipscript

Molaim do dhaoine dul go dtí an Ghaeltacht, cé go bhfuil an Ghaelainn ana-bheo anseo sa chathair, agus deir daoine go bhfuil níos mó cainteoirí Gaelainne anois sa chathair ná mar atá sna Gaeltachtaí. Níl a fhios agam an bhfuil sé sin fíor nó nach bhfuil, ach is dóigh liom gur maith an rud é dul go dtí an Ghaeltacht chomh maith, mar feiceann an foghlaimeoir ansan, hmm, daoine ag labhairt na teanga gan a bheith, saghas, ag smaoineamh air, nó gan a bheith ag cuimhneamh, ó, *you know*, ‘Tá mé á dhéanamh seo ar mhaithe le cultúr nó ar mhaithe leis an dtír nó ar mhaithe le haon rud eile.’ Tá siad díreach, hmm, ag dul go dtí an siopa nó tá siad, hmm, ag cur na leanaí ar scoil nó ag déanamh gnáthrudáí laethúla mar sin, agus is trí mheán na Gaeilge atá siad á dhéanamh. Agus tá sé go maith na rudaí sin a thuiscint.

Agus an dtugann sé uchtach d'fhoghlaimoirí nuair a théann siad chun na Gaeltachta agus nuair a fheiceann siad gur teanga bheo atá inti?

Gan dabht, tugann. Gan dabht, agus chíonn siad gur teanga í agus, ag deireadh an lae, cé go bhfuil an Ghaeilge ana-thábhachtach ar fad, agus gur cuid dár gcultúr í, níl, níl inti ach teanga ag deireadh an lae agus tá sé ana-thábhachtach é sin a thuiscint – go bhfuil daoine sna Gaeltachtaí, b'fhéidir, nach bhfuil suim acu, hmm, sna rudaí sin ar fad gur cheart go mbeadh suim, go gceapann daoine eile gur cheart go mbeadh suim acu iontu, ar nós polaitíocht' ar leith, nó cultúr ar leith nó ceol ar leith. Ach go bhfuil daoine ansan ag maireachtaint i saol trí mheán na Gaelainne gan smaoineamh air, agus gur rud ana-nádúrtha é dóibh. *So*, tá sé sin tábhachtach.